



Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh

Plean Infheistíochta 2018



Fáilte chuig *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh*: Plean Infheistíochta de chuid na Comhairle Ealaíon le haghaidh 2018.

Leantar suas sa cháipéis seo ar ár dtiomantas chun plean infheistíochta bliantúil a fhoilsiú le haghaidh gach bliana dár bplean trí bliana, atá mar bhonn ag an Straitéis Deich mBliana *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh*.

In 2017, an chéad bhliain iomlán dár straitéis, dhíríomar ár gcuid infheistíochtaí go príomha sna réimsí a bhain leis an ealaíontóir aonair trí infheistíocht mhéadaithe i sparánachtaí, agus leis an bpobal trí infheistíochtaí méadaithe i bhféilte. Ina theannta sin, mhéadaíomar go suntasach ár n-infheistíocht in obair do leanaí agus daoine óga, agus in obair do phobail a mbíonn sé deacair acu na healaíona a rochtain, trí mhéaduithe inár mbuiséid do Dhaoine Óga, Leanaí agus Oideachas agus Rannpháirtíocht sna hEalaíona faoi seach.

Cé gur choinníomar ár leibhéal infheistíochta sna réimsí sin le haghaidh 2018, táimid ag díriú go speisialta ar ár gcaidrimh leanúnacha le heagraíochtaí gairmiúla na n-ealaíon agus le healaíontóirí gairmiúla i mbun

cleachtaidh, trínár gcláir nua maoinithe deontais a thabhairt isteach, mar aon le Maoiniú Straitéiseach agus Maoiniú Deontais do na hEalaíona.

Anuas air sin uile, neartaíomar ár n-infheistíocht in Amharclann na Mainistreach, lena chinntiú go soláthraítear amharclannaíocht ar scála mór agus uailmhianach do lucht féachana ar fud na hÉireann, agus i mbunú compántas nua ceoldrámaíochta náisiúnta, a mbeidh sé mar chúram orthu ceoldrámaíocht chlasaiceach ar scála mór a sholáthar i mBaile Átha Cliath, chomh maith le ceoldrámaíocht mheánscála a thabhairt ar chamchuart ar fud na tíre.

Léiríonn na hinfeistíochtaí sin ár dtiomantais leanúnacha, mar atá leagtha síos inár straitéis, do chinntiú go dtugtar tacaíocht d'ealaíontóirí chun saothar den scoth a chruthú a mbaintear sult as agus atá luachmhar, agus go mbeidh rochtain ag tuilleadh daoine ar eispéiris ealaíon d'ardchaighdeán.

2. Gníomhartha tosaíochta i gcomhair 2018

Bunaítear le Straitéis Deich mBliana na Comhairle Ealaíon, *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh*, na comhordanáidí maidir le forbairt na n-ealaíon sna deich mbliana idir 2016 agus 2025. Déantar cur síos sa Phlean Trí Bliana, 2017–2019 ar na straitéisí infheistíochta a dtabharfaimid tús áite dóibh le linn 2017–2019.

Tá ár dtosaíochtaí le haghaidh 2018 curtha i ngrúpaí againn faoinár spriocanna straitéiseacha. Eascraíonn na tosaíochtaí sin ó na gníomhartha atá leagtha síos inár bplean trí bliana, ach rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú orthu de réir ár bpleananna corparáideacha agus de réir an chomhthéacs bhuiséadaigh ina mbeimid ag obair ar feadh na bliana.

AN T-EALAÍONTÓIR

- Déanfaimid athbhreithniú ar ár **gcláir chónaitheachta** d'fhonn na gcineálacha cónaitheachtaí a bhféadfaí tacú le healaíontóirí tabhairt fúthu a leathnú.
- Leanfaimid ag **tacú** le luach torthaí ealaíontóirí aonair, a bhfuil a gcuid oibre i gcroílár fhorbairt na n-ealaíon.
- Bainfimid leas as slat tomhais chun ár mbeartais a fhorbairt timpeall ar dheiseanna a chruthú d'ealaíontóirí a thugann léiriú níos fearr an gcomhthéacs **idirnáisiúnta** ina ndéantar obair agus ina dtacaítear leis an obair sin.

RANPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL

- Leanfaimid lenár gcuid oibre, mar chuid den **Chreatlach don Chomhoibriú** leis an rialtas áitiúil, chun an soláthar do leanaí agus do dhaoine óga, an éagsúlacht chultúrtha, agus na healaíona agus daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn..

STRAITÉIS INFHEISTÍOCHTA

- Déanfaimid comhaontuithe foirmiúla le **compháirtithe straitéiseacha** reatha agus nua a chabhraíonn lenár bhfreagrachtaí comhroinnte a shoiléiriú mar aon le réimsí don chomhoibriú a shainnithint ó 2018 ar aghaidh.
- Cuirfimid **comhaontuithe maoinithe** i bhfeidhm ar bhonn píolótach le heagraíochtaí ealaíon chun tacú le seachadadh spriocanna straitéiseacha na Comhairle Ealaíon faoin dá cheannteideal 'An tEalaíontóir' agus 'Rannpháirtíocht an Phobail' in 2018.
- Tabharfaimid isteach maoiniú ilbhliantúil ar bhonn píolótach d'eagraíochtaí agus d'ealaíontóirí aonair ó 2018 ar aghaidh a bheidh nasctha leis an gcreat tomhais

PLEANÁIL SPÁSÚIL AGUS DHÉIMEAGRAFACH

- Tabharfaimid isteach **cur chuige nua infheistíochta maidir le hionaid** bunaithe ar thoradh an athbhreithnithe ar ionaid atá faoi lán seoil i láthair na huaire.
- I gcomhpháirt leis an Rialtas Áitiúil, cuirfimid tús le forbairt **Clár Áiteanna Cruthaitheacha** ina mbainfear leas as saothar ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon chun beocht a chur i bpobail áitiúla.
- Forbróimid cur chuige comhroinnte chun tionchar na hinfheistíochta poiblí a thomhas ar leibhéal áitiúil i gcomhar leis an **Rialtas Áitiúil**.

CUMAS A FHORBAIRT

- Forbróimid **creat tomhais** nua agus cuirfimid i bhfeidhm é ar bhonn píolótach i gcomhpháirt le healaíontóirí agus le heagraíochtaí chun tuiscint níos fearr a fháil ar thorthaí ár n-infheistíochta agus tuairisciú go soiléir orthu.

3. Cur Chuige Buiséadach

Is ionann deontas na Comhairle Ealaíon ón rialtas do 2018 agus **€68 milliún**, arb ionann é sin agus méadú **4.5%** i gcomparáid leis an tsuim in 2017. Nuair a chuirtear coigiltis a tugadh anonn agus ceangaltais iarchurtha san áireamh, is ionann an buiséad atá ar fáil do 2018 agus **€72 milliún**. Leis an méadú sin beimid in ann roinnt dár dtosaíochtaí straitéiseacha a sheachadadh, agus feabhas a chur ar ár gcaidrimh infheistíochta le roinnt eagraíochtaí agus páirtithe lárnacha ag an am céanna.

Ag teacht leis an ngeilleagar atá i mbun téarnaimh, tháinig feabhas ar an tacaíocht a fhaighimid ón rialtas diadhdh ar ndiaidh, agus mar sin tá níos mó scóip againn smaoineamh go straitéiseach faoinár leithdháiltí infheistíochta a chur le chéile sna blianta amach romhainn.

Bunaithe ar an gcreat maoinithe a fógraíodh i rith an tsamhraidh in 2017, déanfar ár gcur chuige maidir le maoiniú in 2018 a mhiondealú ar na bealaí seo a leanas:

Tacaíochtaí d'Ealaíontóirí	<p>Tacú le healaíontóirí aonair ionas go mbeidh siad in ann a gcuid smaointe agus a gcleachtadh a fhorbairt trí bhithin:</p> <ul style="list-style-type: none">• am saor a ghlacadh chun díriú isteach ar a gcleachtadh ealaíne,• taisteal chun foghlaim nó chun taithí a fháil ar obair i dtíortha eile, nó• leas a bhaint as deis chónaitheachta in eagraíocht nó institiúid
Tionscadal agus Clár	<p>Maoiniú a chur ar fáil ar bhonn iomaíoch chun tacú le daoine aonair, eintitis nó eagraíochtaí d'fhonn:</p> <ul style="list-style-type: none">• smaoineamh faoi leith a fhorbairt, nó• níos mó ná smaoineamh nó gníomhaíocht amháin a sheachadadh <p>Áireofar leis sin clár nua na Comhairle Ealaíon, <i>Maoiniú Deontais do na hEalaíona</i></p>
Straitéiseach	<p>D'fhonn maoiniú a chur ar fáil ar bhonn iomaíoch chun tacú le heagraíochtaí ealaíon a bhfuil tograí uailmhianacha agus samhlaíocha acu, chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:</p> <ul style="list-style-type: none">• cuidiú le healaíontóirí a gcleachtadh agus a smaointe a fhorbairt, agus/nó• eispéiris iontacha ealaíon a chur ar fáil don phobal. <p>Áirítear freisin le Maoiniú Straitéiseach ár dtiomantas d'Amharclann na Mainistreach agus do Chompántas Náisiúnta Ceoldrámaíochta Éireann</p>
Comhpháirtíocht <i>(lena n-áirítear tacaíocht d'Ionaid Tionóil)</i>	<p>Maoiniú a chur ar fáil chun tacú le húdarais áitiúla eispéiris ealaíon a sheachadadh do dhaoine ar fud na hÉireann, agus chun tacú le líonra na n-ionad ealaíon agus na n-ionad tionóil ar fud na tíre</p>
Forbairt	<p>Tacú le raon gníomhaíochtaí a leagfar amach chun cuidiú le healaíontóirí agus le heagraíochtaí tabhairt faoi ghníomhaíochtaí forbartha a chuirfidh le rannpháirtíocht agus a spreagfaidh speis an phobail sna healaíona. Tá dhá chineál clár maoinithe forbartha ann:</p> <ul style="list-style-type: none">• Cláir i gcomhpháirt le heagraíochtaí tríú páirtí• Cláir arna mbainistiú go díreach ag an gComhairle Ealaíon

Bunaithe ar ár ndeontas ón rialtas, is é seo a leanas an méid iomlán measta atá le caitheamh i ngach ceann de na réimsí le haghaidh 2018:

FÍOR 1 – Miondealú ar chaiteachas 2018

	€m	Cion
Maoiniú Straitéiseach	36.9	51.3%
Tionscadal agus Clár	10.1	14.0%
Maoiniú Comhpháirtíochta	7.9	11.0%
Tacaíochtaí d'Ealaíontóirí	5.6	7.8%
Maoiniú Forbartha	4.5	6.2%
Tuarastail agus Riarachán*	7.0	9.7%
IOMLÁN	72.0	

**Áirítear leis sin an infheistíocht mhéadaithe leanúnach i gcórais TFC agus bainistíochta faisnéise.*

FÍOR 2 – Miondealú comhréireach ar chaiteachas 2018 (gan tuarastail agus riarachán san áireamh)



